2024/2874

11.11.2024

CINNEADH (AE) 2024/2874 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2024

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na Fionlainne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Fionlainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil acu, nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 3 Feabhra 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/144 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/982 ([3]), lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Fionlainne, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Bert HÄGGBLOM a cheapadh.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Jesper JOSEFSSON a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na Fionlainne Anders EKSTRÖM, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach aige, *Lagtingsledamot, Ålands lagting* (Feisire de Pharlaimint Åland), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol Rialtas na Fionlainne Marcus MÅTAR, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil sainordú toghchánach in údarás réigiúnach aige, *Lagtingsledamot, Ålands lagting* (Feisire de Pharlaimint Åland), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad agus a bhfuil sainordú toghchánach acu, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Anders EKSTRÖM, *Lagtingsledamot, Ålands lagting* (Feisire de Pharlaimint Åland),

agus

(b) mar chomhalta malartach:

— Marcus MÅTAR, *Lagtingsledamot, Ålands lagting* (Feisire de Pharlaimint Åland).

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/144 ón gComhairle an 3 Feabhra 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 32, 4.2.2020, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/144/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2023/982 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Fionlainne, de Choiste na Réigiún (IO L 134, 22.5.2023, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/982/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
VARGA M.